Litir Ṡasana

DÓNAL MAC AṀLAIĠ

Ṫugas féin mo ċéad ċuairt ar ṫeaċ an ġil in aois mo ṡeaċt mbliana déag. An áit ina pánáiltear rudaí tá i gceist anois a'm ar ḟaitís — ó naċ bfuil aon ḟocal i mbeo-Ġaeilge an lae inniu ar an bforas ársa úd an — go b'é an áit ina gcuirtear geallta a ṫiocfaḋ i gcuiṁne dóiḃ.

Ṫart faoin seaċt déag a ḃéinn san am agus mé ag tosú ar ḋúil a ċur (dá óige mé) i ndéantús muintir Ġuinness; deiċ bpinġne a ḃí ar an bpionnta an uair sin aċ bíoḋ is go raiḃ post agam féin agus suas is anuas le coróin is punt in aġaiḋ na seaċtaine dá ḟáil agam, ní h-é an oiread sin deiċ bpinġneaċaí a ḃíoḋ dom féin a'm. Sean-ċara réiciúil liom a ċuir buanna ṫeaċ a' ġil ar mo ṡúile ḋom in ḋiaiḋ dó mé oiliúint go maiṫ i dtosaċ báire i gcúrsai pótaireaċt is ragairne. Áḋḃar ċulaiṫ éadaiġ naċ raiḃ fonn dá laġad air a ṫúirt ċuig aon táilliúir an ċéad níḋ ar pánáil mé ariaṁ. Mise a ṫug isteaċ agus a leag, buille beag éadána, faoi ḃráid an ġeallḃrócéara é; ḃí teir, sa tsiopa sin, ar mo ċara 'san áit ar imir sé cneaṁaireaċt de ṡaġas eicínt ar ḟear an tí go gairid roiṁe sin; b'éigean dó sin fanaċt taoḃ amuiġ den doras.

Ċaiṫ an geallḃróicéir tamall in éadan an ċur-i-gcéill úd an ar ceann de cleasa a ċeirde é; ċuaiġ sé ag méirínteaċt go droċ ṁeasúil ar an éadaċ, a liopaí crapṫa go muisiamaċ aige, agus mar bárr ḋonais ar an scéal scrúdaiġ sé an ḟiġe idir é agus léas mar ḃeaḋ sé ag súil le 'na loċtú. Mar sin féin níor ḟéad sé a spéis sa bpíosa éadaiġ a ċeilt agus mura ḃfuaireas an méid airgid a ḋúraḋ liom a iarraiḋ fuair mé oiread is a ṡásaiġ mo ḋuine — oiread agus a ċoinniġ ag diúgaḋ leanna go meán oíċe sinn mura ḃfuil smál ar mo ċuiṁne.

Earraí de mo ċuid féin — nó de ċuid mo ṁuintire (gan cead dóiḃ) — a ṫugainn ċuig an teaċ ġil as sin amaċ agus ní h-aon aiḋḃéil a rá go mbíoḋ draíoċt an domain domsa tráċtáil céanna sin: níor ṡaiḋḃre pluais folaiġ Ali Baba féin, dár liom, ná an siopa beag dorċa úd an a raiḃ na trí liaṫróidí ṗráis croċta ós cionn dorais ann.

Is mór a ċuaiġ ceird an ġeallḃrócaera as ó'n am sin; ġeoḃfá airgead an uair úd ar nite naċ nglacfaí uait saor in aisce anois. Deá-ċoṁarta ár ndó; tá an saol ag feaḃsú agus ní ḃeiteá aċ a ḋul i mbaol do ḃuailte, na laeṫe seo, dá ndéanfá sean-ġeainsí scagaċ nó casóigín sean-ċaite a scaraḋ amaċ ar ċúntair ṫeaċ an ġil. D'eile is ioma sin ball acara maiṫ úsáideaċ a ṫaḃarfá leat anois ċuig an bpán ⁊ a ḃeaḋ amaċ leat arís ar iompó do ḃoise agus breiṫiúnas mí-ċéataċ fear an tí ag téiṁ na cluasa a'd. Tá an geall-brócaerṫaċt, mar ṡlí ḃeaṫa, tiṫe ċun deiriḋ go mór anois — go h-áiṫrid anseo i Sasana — aċ níl sé an ḟaid sin ó ḃíoḋ ar ṁná tí feisteas Doṁnaiġ na ḃfear a leagaint isteaċ sa bpán ar maidin Dé Luain agus ní ċun airgead leanna ḟáil aċ rud a ba riaċtanaí go mór ná é. Ḃí lad as Baile Áṫa Cliaṫ a rá liom féin, uair, go b'é an cúlaiṫ éadaiġ céanna a ċaiṫ sé féin agus a ċuid drioṫáireaċa uiliġ — ḃí naonúr aca ann —ag dul faoi láṁ Easpaiġ dóiḃ; b'aṁlaiḋ a ċaiṫfí an culaiṫ a leagaint isteaċ i dteaċ an ġil a lua is a ḃeaḋ 'ċaon ḟear aca coṁneartaiṫe agus 'ndeaṁan amaċ arís as nó go dtiocfaḋ seal an ċéad lad eile; dugaire a ḃí ina n-aṫair siúd agus ní ḃíoḋ díol a ḃfreastal ag an aicme úd an leaṫ an ama (ár ndó mo léan).

Nílim inḋan a rá an ḃfuil call ar biṫ leis an obair sin ar na saolta seo, aċ má tá sé an feall é; ba dóiliġ do ḟear ná do ḃean puinn measa a ḃeiṫ orra féin aca is iad i dtuilleamaí fear a' ṗáin le snáṫ a ċoinneáil faoi na ḃfiacal. Ġné eile den sean saol naċ raiḃ coṁ sona sin ab' eaḋ an geallḃrócearaċt agus ní ġoillfiḋ a meaṫ ar éinne — fiú ar mo leiṫéide féin ar ioma sin baḃta ar múcaḋ an tart aige le pinġneaċaí boga na h-instiṫiúde sin.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Uíḃ Raṫaċ

Cúis bróin insan dúṫaiġ go léir bás Nóra Bean Uí Ċéitin (Ní Ġálaiġ roiṁ pósaḋ dí), as Baile Árd, Imleaċ Mór. Ċuaiġ soċraid ana ṁór léi go reiliġ Caol na ḃFearnóg. Ḃí árd ṁeas uirṫi féin agus ar a muintir agus ar a fear céile fríd Uíḃ Raṫaċ.

Tá spéis ṁór i gcúrsaí peil in Uíḃ Raṫaċ na laeṫeanta seo ⁊ an Doṁnaċ so caite, ḃuaiġ Rinn Árd go héasca ar Dairbre i gcom-órtas mionúr, le scór, 2-4 i gcoinniḃ 0-2. Agus i gcluiċe sinsearaċ ḃuaiġ an Corrán ar Port Mag' Aoiḋ le scór 1-11 i gcoinniḃ 1-3. Ḃí Rinn Árd i ḃfad ró ṁaiṫ do ṁuintir an Oileán agus ḃí an iomad gnó le déanaṁ ag na cúpla buaċaillí a ḃí sár ṁaiṫ ar ḟoireann Dairbre. Ar na h-imireoirí ab' ḟearr do Dairbre ḃí; T. Ó Siocḟraḋa, P. Ó Curráin, T. Ó Maṫúna, M. Ó hAoḋa, S. Ó Éiting, B. Ó Donnċa agus D. Ó Donnċa. P. Ó Conaill, M. Ó Drisceoil agus S. Stioḃaird ab' ḟearr do ṁuintir an Oileáin. M. Ó Duiḃir a ḃain an cluiċe don Corrán nuair a ḃain sé amaċ seaċt bpointí uaiḋ féin, agus ba é a ṫug an liaṫróid do C. Ó Donġaile agus G. Ó Croinin do na pointí a ḃain siadsan.

An Daingean

Tá Oifig Eolais bunaiṫe do ċuairteoirí ag an Príoṁ Sráid, An Daingean. Beiḋ sé ar obair ar feaḋ séasúr na turasóireaċta. Ḃí géarġá leis seo le fada. Beiḋ eolas le fáil ann ar áiteanna ċun lóistín do ḟáil agus áiteanna gur fiú do ċuairteoirí dul á ḃfeiscint. Mar sin féin níl méadú mór ar biṫ turasóirí go dtí an ceantar go fóill.

Ag caint fá turasóireaċt, ba ṁór ar fad a ċuirfeaḋ sé le tarraingt na Gaeltaċta agus tríd an nGaeltaċt dá mbeaḋ an bóṫar ó ṫuaiḋ fá bun Sliaḃ Breanáin críoċnaiṫe ó Ḃaile na nGall ṫart timpeall go dtí an Cloċán. Ḃeaḋ na raḋarcanna is áilne sa tír ar fad b'ḟéilir, le feiscint ar an mbóṫar seo, agus b'ḟiú go maiṫ an costas a ḃeaḋ leis.

Cuireaḋ siar an oiliṫreaċt a ḃí dá eagrú ag Craoḃ an Daingean den REALT go dtí bárr Ċnoc Breanáin Dé Doṁnaiġ seo caite, an 16ú lá de Ḃealtaine. Beiḋ sé ann amaċ anseo, deirtear.

Cúis bróin sa gceantar seo, bás Bríd Bean Uí Duḃda, Cnoc an Ḃróigín ṫoir. Iníon dí isea an tSiúr M. Loreto, Cloċar na Trócaire, California. Ċuaiġ soċraid ana ṁór léi go dtí reiliġ Naoṁ Breanáin.

Rosduṁaċ

Ag an Ċúirt Ċuarda i mBéal Áṫa an Ḟeaḋa, coimeád an Breiṫeaṁ Ó Duarcáin siar a breiṫeaṁnas i gcás go raiḃ Daiṫí Timlin, Muing na Bó, Rosluṁaċ, ag éileaṁ £600 damáistí i gcoinniḃ a nua, Seán Maġan, as loit in ionsaí in aice lena ṫeaċ cónaí ar an 28ú lá de Iúil seo caite. Ṫug an Dr. Ó Ceallaiġ, Béal an Ṁuirṫid fianaise gur ṡocraiġ sé Timlin ar an 28ú lá de Iúil agus fuair sé amaċ go raiḃ easna briste sa taoḃ ċlé, agus an leiceann ḋeas brúite, agus an taoḃ ḋeis den uċt gortaiṫe, ċoṁ maiṫ leis an ġualainn ḋeas. D'inis Timlin dó gur dearnaḋ ionsaí air agus gur buaileaḋ san aġaiḋ le dorn é, agus gur tugaḋ cic insan uċt dó, nuair a ḃí sé ar an talaṁ. Ḃí an loit ag cur leis an méid sin. Ag taḃairt fianaise ar ċros-ċeistniú ón Uasal Ceirns, dúirt an doċtúir go dtiocfaiḋ le Timlin an briseaḋ a ḟáil nuair a ṫit sé. Ḃí ḟios aige go ndeaċa Timlin go Meiriceá go gearr 'na ḋiaiḋ sin, aċ, ní ligfeaḋ an doċtúir dó dul ag obair. Ṫug an Sáirsint Ó Caṫasaiġ a ḃí i nGleann na Muaiḋe, ag an am, fainaise go ndeaċa sé go teaċ an ġearánaí, áit ar laḃair sé le bean Timlin. Níos moille an oíċe sin, glaoḋ an cosantóir go dtí an stáisiún agus ṫug sé ráiteas. Ḃí an puisín uaċtar ataiṫe ag Maġan, agus ḃí cnap ar a ṡúil ḋeas. Dúirt sé go raiḃ cuid dá ċuid éadaí stróicṫe. Ṫáinig Timlin go dtí an stáisiún ar an 30ú lá de Iúil, aċ diúltaiġ sé ráiteas a ṫaḃairt. Ḋiúltaiġ bean Timlin, agus buaċaill darḃ ainm Ó Máille, ráiteas a ṫaḃairt ċoṁ maiṫ. Ṫug Timlin fianaise don Ċúirt go raiḃ sé ag dul aḃaile i cárr an lá sin agus gur casaḋ a ḃean air ag tiomáint eallaċ ar an ḃóṫar, agus ó ḃí sí fliuċ, dúirt sé léi dul isteaċ san cárr agus go dtaḃarfar seisean an t-eallaċ aḃaile. Ṫáinig an cosantóir amaċ ar roṫar agus eallaċ leis, ⁊ ḃuail sé Timlin, agus leag sé é. "Nuair a ḃí mé mo luí, ċiceáil sé mé ar an taoḃ agus ar an ġualainn, agus níl ḟios agam cad a ṫárla na ḋéiḋ sin nó ḃí mé as mo ċéadfaí," adúirt an fianaise. Ṫáinig a ṁac agus Ó Máille 'na ḋiaiḋ sin. De ḃárr an loit, dúirt sé gur b'éigin dó coḋla ar caṫaoir uilinn, ar feaḋ ceiṫre seaċtainí. Taréis an ionsaí, ċuaiġ sé ċuig inionaċa leis i Meiriceá, ar saoire cúig seaċtainí. Faoi ċros-ċeistniú dúirt sé naċ raiḃ sé i gcoinniḃ Maġan a ṫeaċt isteaċ sa ċeantar, agus nár ḃrú sé Maġan lena ġualainn, ag rá: "Ní ḋéanfaḋ tú bullying ormsa a tincéar." Ċoiméad an Breiṫeaṁ Ó Duarcáin siar a ḃreiṫeaṁnas sa ċás.

Cé go raiḃ an aimsir olc go maiṫ, tá ag éirí go maiṫ leis an iascaireaċt ón ċladaċ ó ċósta Iorras. Bíonn slua mór ag an ċanáil ag Rosduṁaċ, áit a ḃfuil iascaireaċt an ṁaiṫ de bric farraige, nuair a bíos an taoide ag líonaḋ.

Fostaíoḋ breis agus 100 oiḃriṫe feirme ó Iorras fá ċoinne piocaḋ prátaí in Oileáin Iasraí. Oifigiġ oibreaċais ó Stórais Mac an tSaoir, Béal an Ṁuirṫid a rinne iad a ṗostú Dé Máirt seo caite, agus d'ḟág siad i gcaiṫeaṁ na seaċtaine. Ċuaiġ lán cúig minibus de oibriṫe feirme ó ṗaráiste Cill Mór, go Sasana Dé hAoine seo caite.

...Tá madaí ag déanaṁ scrios mór ar caoirí agus uain fríd sléiḃte Iorras agus tá na feirmeoirí imníoċ go maiṫ.

Ḃuaiġ cuid peileadóirí óga Béal an Ṁuirṫid le 8 bpointe, ar Ċros Uí Ṁaolíona, i gcluiċe cáirdiúil ag Gort Mór Dé Doṁnaiġ seo caite. Ḃí slua mór i láṫair agus lá breá gréine ann agus baineaḋ pleisiúr as an ċluiċe. Ṫug an dá ḟoireann taispeántas breá den ṗeil. Ḃí Béal an Ṁuirṫid i gcoinniḃ na gaoiṫe san gcéad leaṫ, aċ ḃí siad ar tús le 1-6 i gcoinniḃ 1-4. Ḃí seaċtar den foireann mionúr ag Béal an Ṁuirṫid, agus ḃí an seaċtar go maiṫ ar fad.

Carna

An tseaċtain seo caite ṫáinig long de ċuid na Breataine, a i ss. Rule, isteaċ go cuan Cill Ċiaráin, agus ṫóg siad ar bórd 500 tonnaí de ḟeamainn prósé s-iṫe. Tugaḋ an ḟeamainn próiséisiṫe go hAlbain, áit a ndéantar an obair a ċríoċnú ag monarca in Girḃáin. Tá oiread éiliṁ ar an stuif seo anois agus go ḃfuil na h-oibríṫe insan monarcan feamainne i gCill Ċiaráin, ag obair dá ṫréiṁse san lá, oíċe agus lá. Agus tá saoṫrú maiṫ le fáil freisin ag na daoine atá ag bailiú na feamainne ṫart fán ċósta.

Tá cosúlaċt ann go mbeiḋ séasúr an ṁaiṫ turasóireaċta insan iarṫar i mbliana, agus ċeana féin tá spreagaḋ maiṫ dá ṫaḃairt dó leis an Oifig Eolais Turasóireaċta a h-osclaíoḋ ar an gCloċán le déanaí. Máiréad Ní Laoi atá i mbun na h-oifige agus tugann sí eolas do ċuairteoirí ar gaċ uile saġas lóistín atá ar fáil, agus na h-áiteaċa suimiúla ar fiú cuairt a ṫaḃairt orṫa, ⁊ ċuile rud eile a ḃeaḋ ag teastáil ó ċuairteoir, fiú aṁáin an ċaoi le ḋul a ċeannaċt capaillín Conamara, nó an ċaoi le dul go Inis Bó Finne.

Tá éileaṁ mór ar na h-asail i gConamara san am i láṫair. Uair aṁáin ba ḃeag éileaṁ a ḃí orṫa agus ḃíoṫar dá dtaḃairt ar ṡiúl aċ, tá aṫrú anois agus tá na tincéaraí agus luċt siúil ag tairiscint suas le £10 an ceann ar asail. I geantar aṁáin i gConamara, díolaḋ suas le 500 asail.

Tá tús maiṫ curṫa le séasúr na ngliomaċ i gCárna. Taréis a ḃeiṫ tamall ag fanaċt leis an aimsir feaḃsú, do ċuaiġ na báдaí amaċ Dé Luain seo caite agus d'éiriġ leo go maiṫ agus ṫógadar lastaí maiṫe de ġliomaí agus gliomaí ṁuire. Tá an iascaireaċt ar siúl go rialta ó ṡin, agus toraḋ maiṫ uaiḋ.

Den triú uairḋ ḃuaiġ capaillín Conamara le L. Dolger, Caiseal an ċéad duais ag seó an earraiġ i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Ag an seó ċéanna, ḃí an tráċt agus an suim dá ċur insan seastán de rudaí a rinne scoláirí Tís, gairm-scoil an Ċloċáin. Imeasc na rudaí a ḃí ar taispeáint ḃí pictiúirí láṁ-ḋéanta rugannna ⁊ clúdaí le dearaḋ Gaelaċa, coṁ maiṫ le ċuile ċineál bí. Ṫug A Ṡoilse, an tUasal de Ḃalera, cuairt ar an seastán.

Tá obair na mbóiṫre ag dul ar aġaiḋ go maiṫ insan gceantar, ⁊ táṫar a' leanúint den obair ar an ḃóṫar ó Ċarna go Muiġinis. Meastar go mbeiḋ sé críoċnaiṫe in am do séasúr na turasóireaċta. Aċ, tá an ċáineaḋ dá ḋéanaṁ ar an ḃóṫar ó Eoċras Mór, An Cros, go dtí Eoċras Beag. Tá sé go h-an dona ar fad agus poill móra ar fud an ḃóṫair.

Ḃí freastal maiṫ ag cúrsa cosaint sibialta insan gCloċán. Pádraic Ó Cosgarḋa, O.S., Carna, a ḃí i mbun an ċúrsa. Ḃí an Caiptín P. B. Ó Siocḟraḋa agus an Ceannfort Mac Aoḋgáin i láṫair an ċéad oíċe agus tugaḋ na léaċtaí istoíċe.

Tá fáilte roiṁ an Uasal R. Mac Aṁlaiġ ón Banc Náisiúnta, ar tugaḋ árdú céime dó, mar cashier i mbrainse an Ċloċáin.

Ḃuaiġ Cloċ na Rón ar Rinn Ṁaoil 2-7 le 0-8 insan léig sóisear, ag Goirtín, Dé Doṁnaiġ. Ciarán Seoiġe a ḃí mar moltóir.

Ḃí na luaċa níos airde ná ḃí araiṁ ar aonaċ an Ċloċáin Dé Máirt seo caite, agus bulláin ag dul ċoṁ h-árd le £75. Aċ, ba ḃeag éileaṁ a ḃí ar eallaċ naċ raiḃ ċoṁ maiṫ sin, agus fágaḋ mórán acu gan ceannaċ.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Stiofán Ó Flaṫarta, Tuaimbeola, Cloċ na Rón. Déintear coṁbrón lena ḃean ċéile, Áine, a ṁac, Míċeál Proinnsias agus a n-iníonaċa, Máire, Peigí, Eiḃlín, agus Áine, agus a aṫair, Míċeál Ó Flaṫarta agus deirfiúraċa, Máire, Bríd agus Celia. Léiġeaḋ Aifreann Solúnta na Marḃ dó, i Séipéal Muire Réalt na Mara, Cloċ na Rón, agus ċuaiġ an soċraid ó sin go dtí reiliġ Tuaimbeola.

Amadán Aibreáin

Ní cloistear na focail sin aċ uair aṁáin sa ḃliain, aċ mar sin féin tá siad ag gaċ mac máṫar ⁊ iníon aṫar, fiú na daoine is óige. Sílim gurb iad na daoine óga is mó a úsáid agus spórt astu. Ní ḋéanann siad dearmad go deo den ċéad lá d'Aibreán.

Go minic ní ḃíonn mórán éagoitinne ag baint le na cleasa a n-imreann siad. Ó ṫosaċ an lae cloistear ráite mar seo: "tá iall do ḃróige scaoilte," nó "Tá tú ag freastal ó do ṁáṫair nó ón múinteoir." Tagann fearg go héasca ar ċuid de na daoine nuair a glaoitear amadán orṫu. Ċeapfá ó ḋaoine áiriṫe nár ṫuig siad go ḃfuil difríoċt idir amadán a ṫaḃairt orṫu ar an gcéad lá d'Aibreán agus an t-ainm sin a ṫaḃairt orṫu lá ar biṫ eile sa ḃliain.

I mbliana ḃí sé socraiṫe agam ḃeiṫ ar m'aire agus gan ligint d'inne amadán a ḋéanaṁ díom. Fiú nuair a ġlaoiġ mo ṁáṫair orm ḃí aṁras orm faoin am agus níor éiriġ mé go dtí gur ċuala mé mo ḋearṫáireaċa ina ṡuí. Ḃí go maiṫ agus ní raiḃ go holc. D'éiriġ go maiṫ liom sa ḃaile ⁊ as go brá liom ċun na scoile. Nuair a ċas mé le mo ċompánaiġ, bíomar ag beartú ar conas amadáin a ḋéanaṁ dár gcáirde.

Ċeapamar naċ gcuiṁneóḋ an múinteoir air aċ nuair a ṫáinig sí isteaċ ġuí sí "Lá féile faoi ṡéan agus faoi ṁaise dúinn go léir." Ní raḃamar ag súil leis agus níor ḟreagair éinne "gurb aṁlaiḋ duit." I riṫ an lae nuair naċ raiḃ sí san airdeall ṗioc duine suas misneaċ agus dúirt sí "Tá cnag ar an doras." Níor ċuala mé é," arsa an múinteoir, agus síos léi ċun an dorais. Ċoṁ túisce is d'oscail sí é, screadamar go léir, "Amadán Aibreáin.' Dúirt sí dá mbéimís ċoṁ cliste ag ár gceaċtanna go mbeaḋ saol suairc aici, aċ ní raiḃ fearg uirṫi.

Nuair a ċuaiġ mé aḃaile ġlaoiġ mo ċolceaṫar orm ar an telefóin agus dúirt sí go raiḃ m'uncal ar a ḃealaċ ar cuairt ċugainn agus dul ċuig an bus ina airicis.

D'ḟeistiġ mé mé féin agus as go brá liom. Ḃí sceitimíní áṫais orm mar is breá liom m'uncail a ḃeiṫ linn. I gcónaí tugann sé bronntanas dom ċoṁ maiṫ le milseáin agus solaistí eile. Ḃí mé ag stad an ḃus cúig nóiméad roiṁ an am. Léim mo ċroí im ċléiḃ nuair a ċonaic mé an bus ag teaċt. Stad sé, aċ tásc ná tuairisc de m'uncail ní raiḃ air. Aḃaile liom go mall-triallaċ. A luaiṫe is a d'oscail mé an doras dúirt mo ṁáṫair liom "Amadán Aibreáin." Nuair a ḃí mé imiṫe ġlaoiġ mo ċolċeaṫar arís ar mo ṁáṫair ag insint dí naċ raiḃ sí aċ ag imirt cleasa orm. Ḃí fearg orm agus ṡocraiġ mé im aigne go ndíolfaḋ mo ċolċeaṫar go daor as.

Ḃí ḟios ag gaċ duine sa teaġlaċ go raiḃ mo ḋóṫain d'Amadán Aibreáin faiġte agam don ḃliain seo agus ní ḋearnadar aon iarraċt eile. Ḃí droċ-aoiḃ orm agus ċuaiġ mé a codlaḋ go luaṫ. Sul ar ṫit néall orm. Arsa mise liom féin: "Beiḋ lá eile ag an bPaorаċ."

Monica Ní Ḋuinn,
Scoil Cloċar Naoṁ Ṁuire,
Éadan Doire.